



An bearbóir óg

Tráthnóna fuar geimhridh a bhí ann. Bhí an sneachta ag titim go tiubh agus bhí muintir na cathrach ag brostú leo abhaile. Shiúil fear isteach i siopa bearbóra. Bhí sé ard láidir. Bhí féasóg fhada liath air.

D'fhéach sé go géar ar an triúr bearbóirí a bhí sa siopa. Tháinig eagla orthu roimhe.

“Anois,” ar seisean, “cé a bhearrfaidh an fhéasóg fhada seo?”



Labhair an chéad bhearbóir.

“Bearraí mé an fhéasóg sin, a dhulne uasail,” ar seisean. “Suigh síos ansin agus tosóidh mé.”

Thóg sé a rásúr ina lámh.

“Fan nóiméad!” arsa an fear mór. “Éist liom go cúramach. Tá craiceann an-bhog orm. Is furasta mé a ghearradh. An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfaidh mé má ghearrann tú mé?”

“Níl — níl a fhios agam, a dhuine uasail,” arsa an bearbóir. “Céard a dhéanfaidh tú?”

Thóg an fear mór scian fhada ghéar as a phóca. “Bainfidh mé an ceann díot!” ar seisean de bhéic. Rith an bearbóir as an siopa agus é ar crith le heagla.

Labhair an fear mór leis an dara bearbóir.
“Tabharfaidh mé airgead maith don duine a bhearrfaidh mé,” ar seisean. “An ndéanfaidh tusa é?”

D’fhéach an dara bearbóir air agus smaoinigh sé ar an scian fhada ghéar. Thit an rásúr as a láimh le heagla. Amach an doras leis agus a chroí ina bhéal aige.


Bhí bearbóir óg ina sheasamh sa chúinne agus é ag féachaint go géar ar an bhfear mór.

“Bearraí mé an fhéasóg sin,” ar seisean go ciúin.


“Tá go maith,” arsa an fear mór. “Ach tá a fhios agat céard a dhéanfaidh mé má ghearrann tú mé.

Ní ag magadh atáim!”

“Tá a fhios agam,” arsa an bearbóir óg. “Bainfidh tú an ceann díom!”



Shuigh an fear mór siar sa chathaoir. Chuir an bearbóir faobhar ar a rásúr. Thosaigh sé ag bearradh go mall cúramach. Ní raibh focal as. Chaith sé beagnach leathuair an chloig leis an obair.



“Tá an jab déanta!” arsa an bearbóir faoi dheireadh.

Sheas an fear mór agus d’fhéach sé ar a aghaidh sa scáthán. “Tá sé déanta go maith agat,” ar seisean, agus thug sé an t-airgead dó. “Ach inis seo dom — cén fáth nach raibh eagla ort mé a bhearradh? Ní raibh mé ag magadh faoin scian!”

“Tá a fhios sin agam,” arsa an bearbóir. “Bhí mé ag smaoinemh ar an scian i do phóca, ach bhí mé ag smaoinemh freisin ar an rásúr breá géar i mo láimh!”

Cleachtaí

- A**
1. Cén fáth a raibh muintir na cathrach ag brostú leo abhaile an tráthnóna sin?
 2. Cén saghas fir a shiúil isteach sa siopa bearbóra?

3. Céard a rinne sé nuair a shiúil sé isteach?
4. Céard a dúirt an fear mór mar gheall ar a chraiceann?
5. Cad a thóg sé as a phóca?
6. Cá bhfios duit go raibh scanradh ar an gcéad bhearbóir?
7. Cad a rinne an dara bearbóir?
8. Céard a rinne an bearbóir óg lena rásúr?
9. Cá bhfios duit gur oibrigh sé go mall cúramach?
10. Cén fáth nach raibh eagla ar an mbearbóir óg roimh an bhfear mór?

B 1. Cén gnó a dhéantar i ngach ceann de na siopaí seo a leanas?

siopa bearbóra, siopa éadaigh, siopa búistéara, siopa grósaera, siopa troscáin.

2. Scríobh i gceart na habairtí seo a leanas:

- (a) Tá Pádraig mór ach tá Seán níos (mór) ná é.
- (b) Tá Síle níos (óg) ná Sinéad.
- (c) Tá Brídín beag ach tá Nóra níos (beag) ná í.
- (d) Is í Niamh an cailín is (beag) sa rang.
- (e) Tá na mirlíní ar an tseilf is (ard) sa siopa.
- (f) Bhí sé fuar inné, ach tá sé níos (fuar) inniu.
- (g) Bhí an lá inné go holc, ach tá an lá inniu níos (olc).
- (h) Tá Cáit go maith, ach tá Síle níos (maith).

C Aiste.

Beidh mé i mo bhearbóir (ghruagaire)

Alt 1: Nuair a bheidh mé mór Inis cá mbeidh an siopa agat agus cén fáth gur ansin a bheidh sé agat.

Alt 2: Déan cur síos ar an siopa:

cathaoir/cathaoireacha, scáthán/scátháin, siosúr/siosúir, meaisín/meaisíní, triomadóir/triomadóirí, cairpéad, soilse, pictiúir, irisleabhair, nuachtáin.

Alt 3: An obair a dhéanfaidh tú:

tiocfaidh custaiméirí . . . , óg, aosta, bearradh gruaige, folcadh gruaige, cóiriú gruaige — stíl nua, ag obair go dian, carn mór airgid.

Alt 4: Saol sona sásta, an siopa is glaine agus is fearr in Éirinn, caint, comhrá, gáire, custaiméirí sásta, mise an-sásta agus an-saibhir.

Abhainn ag caint

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimnigh is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Aoibhinn liomsa bheith ag rith
Ag gluaiseacht liom go sásta;
An t-uisce agam á thabhairt don mhuir
Le filleadh arís mar bháisteach.

Éistigí liom ag canadh poirt
Éistigí liom, a pháistí;
Éistigí liom ag canadh poirt
Is mé ag rith le fána.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Peadar Ó hAnnracháin

